**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

ENHANCING QUALITY OF LIFE

# ANTI-SOCIAL BEHAVIOUR



## STRATEGY & POLICY





# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| **RANNÁN 1** | **6** |
| Réamhrá | 6 |
| **RANNÁN 2** | **7** |
| Cúlra Reachtúil | 7 |
| Cineálacha Tionóntachtaí | 9 |
| Tionóntacht Chomhairle Contae Fhine Gall | 9 |
| Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe | 9 |
| Cuideachtaí Bainistíochta – Rialacha Tí | |
| **RANNÁN 3** | **10** |
| Iompar Frithshóisialta | 10 |
| Iompar Núise | 10 |
| Pórtha Srianta/Madraí de Chineál Bulaí Ollmhóir | 11 |
| TCI Baile | 11 |
| Torann | 12 |
| Oibleagáidí Bainistíochta Dramhaíola | 12 |
| Scútair Leictreacha, Cuadrothair agus Rothair Streachailte | 13 |
| **RANNÁN 4** | **14** |
| Bearta chun Iompar Frithshóisialta a Chosc agus a Laghdú | 14 |
| Cuspóirí na Rannóige Bainistíochta Eastáit | 14 |
| Dearadh Eastáit | 14 |
| Teaghaisí Folmha | 14 |
| Leithdháiltí/Cead chun Cónaí | 14 |
| Cúrsaí Ionduchtúcháin do Thionóntaí | 15 |
| Lámhleabhar do Thionóntaí | 15 |
| Cead le haghaidh Oibreacha | 15 |
| Freagracht an Tionónta agus Forfheidhmiú an Lámhleabhair do Thionóntaí | 15 |
| Idirghabháil | 16 |
| Tacaíochtaí Tionóntachta/Leas Tithíochta | 16 |
| An Chigireacht Tithíochta | 16 |
| Graifítí a Bhaint | 16 |
| Rannpháirtíocht Cónaitheoirí | 16 |
| Diúltú Teaghais a Dhíol/a Ligean ar Cíos | 17 |
| Ciníochas/Fuathchoireacht | 17 |
| **RANNÁN 5** | **18** |
| Gearán maidir le hIompar Frithshóisialta a Dhéanamh/a Imscrúdú | |
| Beartas agus Nósanna Imeachta | 18 |
| Gearáin Chráiteacha | 19 |
| Rúndacht | 19 |
| Saoráil Faisnéise | 20 |
| Nós Imeachta Imscrúdaitheach | 20 |
| Agallaimh maidir le hIompar Frithshóisialta | 21 |
| Torthaí Féideartha | 21 |

Sárú ar Thionóntacht 21
Caingean Dlí 22

**RANNÁN 6** **24**
Beartas um Chomhar le Comhlachtaí Reachtúla – Cur Chuige Idirghníomhaireachta 24
Imeaglú de dheasca Fiachas Drugaí 25
Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Bhlainséir 25
Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Bhaile Átha Cliath Thuaidh 25
Foréigean Baile 25
Cosaint Leanaí 25
Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil 26

**RANNÁN 7** **28**
Seirbhísí a Chomhordú laistigh den Údarás Áitiúil 28
Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn Oibríochtaí 28
Tacaíochtaí atá ar fáil tríd an Roinn Pobail agus Imeasctha 28

**RANNÁN 8** **29**
Dea-Bhainistíocht Eastáit 29
Seiceálacha Cúlra 29
Cúram Saoránach 29
Inniúlacht Ball Foirne a Fhorbairt 29
Oiliúint Saoránach 29
Uimhreacha Úsáideacha 30

## Fís

**“Fine Gall – daoine a cheangal trí phobail chuimsitheacha agus trí áiteanna beoga inbhuanaithe.”**

## Misean

**“Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do phobail athléimneacha chuimsitheacha a chruthú inar féidir le Tionóntaí agus le comharsana cónaí go sábháilte ina dtithe, trí imscrúduithe neamhchlaona oibiachtúla a dhéanamh agus trí chomhoibriú leis an nGarda Síochána, le gníomhaireachtaí reachtúla, le Tionóntaí agus leis na pobail féin.”**




**FEABHAS A CHUR AR CHÁILÍOCHT NA BEATHA**



# RANNÁN 1

## Réamhrá

Cumhdaíonn Fine Gall limistéar ina bhfuil thart ar 448 gciliméadar chearnacha ar fud Chontae Bhaile Átha Cliath Thuaidh, a chuimsíonn pobail tuaithe, pobail chósta, pobail uirbeacha agus pobail fho-uirbeacha. I measc na bpríomh-lárionad uirbeach tá Sord, Baile Bhlainséir, Baile Brigín, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg agus Baile Dúill. Tá an chuid eile den Chontae de chineál tuaithe agus cuimsíonn sí sráidbhailte amhail na Sceirí, Lusca, an Ros, Baile Gháire, an Seanbhaile, Baile Bachaille agus Baile an Rólaigh.

Bainistíonn Comhairle Contae Fhine Gall ("an Chomhairle") stoc tithíochta ina bhfuil breis agus 7,400 teaghais atá lonnaithe ar fud an Chontae, agus déanann formhór mór na n-áititheoirí caidreamh dearfach leis an gComhairle, lena gcomharsana agus leis an bpobal áitiúil. I mionlach beag cásanna, ceanglaítear ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta. Nuair a tharlaíonn sé sin, tugann an Chomhairle tús áite do leasanna a Tionóntaí uile agus do leasanna an phobail mórthimpeall, ar mhaithe le háitíocht shíochánta teaghaisí agus teachtadh sábháilte teaghaisí a chur chun cinn.

Mar Údarás Tithíochta, tá freagracht ar an gComhairle as réadmhaoine a ligtear ar cíos faoi Achtanna na dTithe a bhainistiú agus a rialú. Bainfidh an Chomhairle leas as na cumhachtaí uile atá ar fáil di chun fadhb an iompair fhrithshóisialta a chomhrac. Is é príomhchuspóir na Straitéise seo bearta a leagan amach chun iompar frithshóisialta i stoc tithíochta na Comhairle a chosc agus a laghdú. Déanfaimid imscrúdú gairmiúil neamhchlaon ar gach tuairisc a gheofar, agus anaithnideacht aon ghearánaigh á cosaint againn an tráth céanna.


Admhaíonn an Chomhairle freisin gur féidir go dtarlóidh sé, ina lán cásanna, gurb é nó í duine den teaghlach (nó áititheoir) nó cuairteoir, seachas an príomh-Thionónta, an duine atá taobh thiar den iompar frithshóisialta. Beag beann air sin, is ar an Tionónta atá an fhreagracht i ngach cás as iompar frithshóisialta a chosc agus as tabhairt faoi na bearta is gá chun é a chosc. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt catagóirí d'iompar frithshóisialta ann agus go bhfuil leibhéil éagsúla tromchúise ann laistigh de na catagóirí sin. Áirítear iad seo a leanas leis na catagóirí sin (ach gan a bheith teoranta dóibh): suaitheadh/núis iomarcach torainn, mangaireacht drugaí, imeaglú de dheasca fiachas drugaí, foréigean, bagairtí, imeaglú, loitiméireacht, ciapadh agus núis.

Oibrímid i gcomhpháirt le raon geallsealbhóirí eile stáit agus pobail, lena n-áirítear an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, Grúpaí Pobail Áitiúil, agus comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla eile, agus sinn ag iarraidh easaontas nó deacrachtaí a leigheas ar eastáit. Oibrímid i gcomhar lenár dTionóntaí agus le geallsealbhóirí eile chun bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun iompar frithshóisialta a chosc, a laghdú agus a dhíothú.

## Comhionannas agus Cearta an Duine

Tá an Chomhairle tiomanta d'imeascadh sóisialta agus d'fheabhas a chur ar cháilíocht na beatha do na cónaitheoirí uile de réir mar a leanann daonra éagsúil an Chontae de bheith ag fás.

Leanaimid le hobair i dtreo na hoibleagáidí atá orainn faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chomhlíonadh i ndáil leis an idirdhealú a dhíothú, le comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus le cearta an duine atá ag baill foirne, ag custaiméirí, ag úsáideoirí seirbhíse agus ag gach duine a ndéanann ár mbeartais agus ár bpleananna difear dóibh a chosaint. Táimid tiomanta dár ndualgais earnála poiblí a chomhlíonadh, agus bíonn an comhionannas agus cearta an duine chun tosaigh agus sinn ag plé le gearán. Cuirtear oiliúint ar gach ball foirne maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí.



# RANNÁN 2

## Cúlra Reachtúil

### An Ceanglas a bhaineann leis an Straitéis seo

Ceanglaítear Straitéis na Comhairle maidir le hIompar Frithshóisialta a tharraingt suas agus a ghlacadh faoi alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (arna leasú). Táthar tar éis Straitéis na Comhairle a athbhreithniú chun na leasuithe riachtanacha a chur san áireamh inti ar mhaithe leis an mbeartas a chur i gcomhréir leis na ceanglais reachtacha nua atá in Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 (arna leasú), agus le reachtaíocht iomchuí eile, i measc nithe eile.

Bainistíonn an Chomhairle a stoc tithíochta de réir na gcumhachtaí atá aige agus de réir na n-oibleagáidí atá uirthi faoin reachtaíocht iomchuí tithíochta, lena n-áirítear, ***i measc nithe eile:***

- Acht na dTithe, 1966 (arna leasú).
- Acht na dTithe, 1988 (arna leasú).
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú) ("Acht 1997").
- Leaganacha éagsúla eile d'Achtanna na dTithe (arna leasú), lena n-áirítear, i measc nithe eile: Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 ("Acht 2009"); agus Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.
- Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 (arna leasú).

Mínítear in Achtanna na dTithe roinnt coincheap tábhachtach a bhaineann le Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta a dhéanamh agus a ghlacadh.

### Mínithe

Folaíonn **'iompar frithshóisialta'** ceachtar díobh seo a leanas nó iad araon, eadhon—

(a) druga rialaithe (de réir bhrí na nAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 agus 2007) a mhonarú, a tháirgeadh, a ullmhú, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a shealbhú lena dhíol nó lena sholáthar, nó a dháileadh,

(b) aon iompar ar cúis é, nó ar dóigh dó a bheith ina chúis, le haon chontúirt, díobháil, damáiste, scaoll, caillteanas nó eagla shuntasach nó leanúnach d'aon duine atá ina chónaí nó ina cónaí, atá ag obair, nó atá i láthair go dleathach ar shlí eile i dteach arna sholáthar ag údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, nó ina chomharsanacht nó in eastát tithíochta ina bhfuil an teach suite nó ina chomharsanacht agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, folaíonn sé—

  (i) foréigean, bagairtí, imeaglú, comhéigean, ciapadh nó bac tromaí a dhéanamh ar aon duine,

  (ii) iompar is cúis le haon lagú suntasach nó leanúnach ar úsáid nó ar theachtadh a bhaile féin

nó a baile féin ag duine, nó

(iii) damáiste d'aon mhaoin, lena n-áirítear baile duine, nó aghlot ar mhaoin den sórt sin trí scríobh nó trí mharcanna a chur uirthi; (de réir alt 1(1) d'Acht 1997 agus de réir alt 2(1) d'Acht 2009)

**Folaíonn 'bainistí eastáit'—**

(a) leasanna aon Tionóntaí, léasaithe, úinéirí nó áititheoirí, cibé acu go leithleach nó i gcoitinne, i dteachtadh aon tí, aon fhoirgnimh nó aon talún a sholáthraíonn údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2002, nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, a áirithiú nó a chur chun cinn,

(b) iompar frithshóisialta a sheachaint, a chosc nó a laghdú in aon eastát tithíochta ina bhfuil teach a sholáthraíonn údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2002, nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, nó láithreán suite;" (de réir alt 1(1) d'Acht 1997 agus de réir alt 2(1) d'Acht 2009)".

Ceann de na ceanglais atá ar údarás tithíochta, de réir alt 35(1) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 ("Acht 2009") is ea Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta a ghlacadh i leith an chuid sin nó na gcodanna sin dá limistéar riaracháin ina bhfuil na teaghaisí agus na láithreáin seo a leanas suite—

(a) teaghaisí arna ligean ag an údarás tithíochta le Tionóntaí faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2009;

(b) teaghaisí is ábhar do Chomhaontuithe Tionóntachta Chaibidil 4;

(c) teaghaisí ina bhfuil cónaí ar cheannaitheoirí iomchuí (de réir bhrí alt 1 d'Acht 1997); agus

(d) láithreáin (de réir bhrí alt 1 d'Acht 1997) (de réir alt 1, ciallaíonn láithreán láithreán a bhfuil feidhm ag alt 13 d'Acht na dTithe, 1988 (arna leasú le hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998) maidir leis, agus láithreán arna sholáthar nó arna bhainistiú faoi alt 6 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992)."

Is "feidhm fhorchoimeádta" é Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta a tharraingt suas agus a ghlacadh agus í a leasú (de réir alt 35(6) agus alt 2(1) d'Acht 2009 agus, i measc nithe eile, Sceideal 14A a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú).

Leagtar amach in alt 35(2) d'Acht 2009 go mbeidh mar "phríomhchuspóirí" ag Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta—

(a) iompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú,

(b) seirbhísí laistigh den údarás tithíochta a chomhordú, ar seirbhísí iad atá dírithe ar dhul i ngleic le hiompar frithshóisialta nó ar iompar frithshóisialta a chosc nó a laghdú,

(c) comhoibriú le daoine eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, a chur chun cinn le linn a bhfeidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann na feidhmeanna sin le dul i ngleic le hiompar frithshóisialta nó le hiompar frithshóisialta a chosc nó a laghdú, ag féachaint don ghá atá ann dúblú gníomhaíochtaí a sheachaint ar thaobh an údaráis tithíochta agus na ndaoine eile sin le linn na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, agus

(d) dea-bhainistíocht eastát a chur chun cinn."

De bhun alt 35(3) d'Acht 2009, ba cheart a leagan amach i Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta tograí an údaráis tithíochta chun na príomhchuspóirí sin a bhaint amach, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach ní gá gurb iad na nithe sin amháin a bheidh i gceist:

(a) nósanna imeachta i ndáil le gearáin a dhéanamh chun an údaráis tithíochta maidir le hiompar frithshóisialta;



(b) tionscnaimh chun iompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú;

(c) oideachas a sholáthar agus taighde a dhéanamh maidir le hiompar frithshóisialta agus maidir lena chosc agus lena laghdú."

Le linn dó Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta a tharraingt suas, nó sula leasóidh sé Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta, is amhlaidh, de bhun alt 35(5) d'Acht 2009, a rachaidh údarás tithíochta i gcomhairle—

(a) le haon chomhchoiste póilíneachta arna bhunú faoi rialacháin arna ndéanamh faoi alt 114(1) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, i leith limistéar riaracháin an údaráis,

(b) leis an nGarda Síochána,

(c) le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus

(d) le haon duine eile de réir mar is cuí leis an údarás."

Le linn di an Straitéis seo maidir le hIompar Frithshóisialta a ullmhú, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis na grúpaí thuas.

Ullmhaíodh an Straitéis seo maidir le hIompar Frithshóisialta de réir cheanglais alt 35 d'Acht 2009, i measc nithe eile.

De réir alt 35(7) d'Acht 2009, "ní ghlacfar le tarraingt suas agus glacadh, agus le leasú, straitéise maidir le hiompar frithshóisialta mar ní a thugann ceart faoin dlí d'aon duine, ar ceart é nach mbeadh ag an duine thairis sin, chun a cheangal ar údarás tithíochta i gcás áirithe aon fheidhm arna tabhairt dó faoi Acht 1997 nó faoin Acht seo a fheidhmiú nó chun damáistí a lorg i leith mainneachtana ag údarás tithíochta aon fheidhm den sórt sin a fheidhmiú".

## Cineálacha Tionóntachtaí

### Tionóntachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall

Tá feidhm ag an straitéis seo go príomha maidir le réadmhaoine atá á mbainistiú agus á gcothabháil ag an gComhairle.

### Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Is eagraíochtaí neamhspleácha neamhbhrabúis iad comhlachtaí tithíochta ceadaithe, ar a dtugtar cumainn tithíochta agus cumainn tithíochta dheonacha freisin. Soláthraíonn siad tithíocht inacmhainne ar cíos do dhaoine nach bhfuil sé ar a n-acmhainn cíosanna earnála príobháidí a íoc nó a dteach féin a cheannach. Is ar bhonn neamhspleách a bhainistítear comhlachtaí tithíochta ceadaithe, de réir an bheartais agus na nósanna imeachta arna leagan síos ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Is faoin gcomhlacht tithíochta ceadaithe iomchuí atá sé imscrúdú a dhéanamh ar iompar frithshóisialta a bhaineann le réadmhaoine atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú aige féin, faoi réir a bheartas agus a nósanna imeachta féin.

Oibríonn an Chomhairle i gcomhar le comhlachtaí tithíochta ceadaithe chun ainmniúcháin a bhainistiú agus chun tacú le dea-bhainistíocht eastáit.

### Cuideachtaí Bainistíochta - Rialacha Tí

I gcás réadmhaoine atá suite i bhforbairtí áirithe, tá Cuideachtaí Bainistíochta acu atá freagrach as an bhforbairt a bhainistiú agus a oibriú. Tá seans ann go mbeidh liosta Rialacha Tí i bhfeidhm ag an gCuideachta Bhainistíochta. Tá na Rialacha Tí ina gcuid de do Chomhaontú Tionóntachta. Féadfar a mheas gurb ionann aon sárú ar na Rialacha Tí agus sárú ar an gComhaontú Tionóntachta. Mínítear é sin go hiomlán do gach iarratasóir agus iad ag síniú dá dtionóntacht.




## Iompar Frithshóisialta

**An Ceanglas a bhaineann leis an Straitéis seo**

Mínítear coincheap an *"iompair fhrithshóisialta"* mar a leanas in alt 1(1) d'Acht 1997 (a ndearnadh tagairt dó roimhe seo sa doiciméad seo):

"folaíonn *'iompar frithshóisialta'* ceachtar díobh seo a leanas nó iad araon, eadhon—

(a) druga rialaithe (de réir bhrí na nAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 agus 2007) a mhonarú, a tháirgeadh, a ullmhú, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a shealbhú lena dhíol nó lena sholáthar, nó a dháileadh,

(b) aon iompar ar cúis é, nó ar dóigh dó a bheith ina chúis, le haon chontúirt, díobháil, damáiste, scaoll, caillteanas nó eagla shuntasach nó leanúnach d'aon duine atá ina chónaí nó ina cónaí, atá ag obair, nó atá i láthair go dleathach ar shlí eile i dteach arna sholáthar ag údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, nó ina chomharsanacht nó in eastát tithíochta ina bhfuil an teach suite nó ina chomharsanacht agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, folaíonn sé—

(i) foréigean, bagairtí, imeaglú, comhéigean, ciapadh nó bac tromaí a dhéanamh ar aon duine,


(ii) iompar is cúis le haon lagú suntasach nó leanúnach ar úsáid nó ar theachtadh a bhaile féin nó a baile féin ag duine, nó

(iii) damáiste d'aon mhaoin, lena n-áirítear baile duine, nó aghlot ar mhaoin den sórt sin trí scríobh nó trí mharcanna a chur uirthi; (de réir alt 1(1) d'Acht 1997 agus de réir alt 2(1) d'Acht 2009)

## Iompar Núise

Cé nach gá go mbeadh iompar frithshóisialta i gceist leis i ngach cás, is féidir go mbeidh iompar núise ina chúis le sárú ar aon Chomhaontú Tionóntachta leis an gComhairle go fóill. Áirítear iad seo a leanas le samplaí d'iompar a measfar gur "núis" iad, ach gan a bheith teoranta dóibh: díospóidí páirceála; bac a chur ar chabhsán; díospóidí teorann; mainneachtain dramhaíl a bhainistiú i gceart; peataí tí a rialú; earraí a stóráil i ngairdíní, ar bhalcóiní nó i gcomhlimistéir; agus iompar míréasúnach eile.

Cé gur féidir le roinnt teagmhas teacht faoi aicmiúcháin fhrithshóisialta agus faoi aicmiúcháin choiriúla araon, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é an ról atá ag an Údarás Áitiúil plé le teagmhais iompair fhrithshóisialta de réir na nAchtanna Tithíochta. Is é ról an Gharda Síochána plé le teagmhais trí shásraí iomchuí ceartais choiriúil. Ní mór gach ábhar imní a bhaineann le hiompar coiriúil líomhnaithe a thuairisciú ar an gcéad ásc don Gharda Síochána sula dtuairisceofar don Chomhairle é.



## Pórtha Srianta / Madraí de Chineál Bulaí Ollmhóir



Faoi na Rialacháin um Rialú Madraí, 1998, ní cheadóidh duine madra de phór srianta (nó tréithchineálacha agus crosántaigh díobh) a bheith in áit phoiblí ach amháin i gcás:


- go mbeidh an madra sin á threorú ag duine atá os cionn 16 bliana d'aois agus ar féidir leis nó léi an madra a rialú, agus úsáid á baint as iall ghearr láidir nach faide ná 1 mhéadar.
- go mbeidh béalóg shlán ar an madra sin.
- go mbeidh coiléar ar an madra sin, ar coiléar é ar a bhfuil ainm agus seoladh an úinéara.

Tabharfar Comhaontú Tionóntachta na Comhairle cothrom le dáta chun athruithe ar an gcúlra reachtúil a léiriú.

Tá toirmeasc ann in Éirinn anois ar mhadraí de chineál Bulaí Ollmhóir a allmhairiú, a phórú, a dhíol agus a athshocrú, mar atá leagtha amach faoi na Rialacháin um Rialú Madraí (Bulaithe Ollmhóra), 2024. Tá sé neamhdhleathach freisin madra de chineál Bulaí Ollmhóir a bheith agat gan 'Deimhniú Díolúine' a bheith agat. Más rud é go bhfaighfear amach go bhfuil madra de chineál Bulaí Ollmhóir ag Tionóntaí nó ag áititheoirí gan Deimhniú Díolúine a bheith acu nó gan cruthúnas ar iarratas ar dheimhniú a bheith acu, féadfaidh an Maor Madraí an madra a urghabháil agus a shocrú go dtabharfar biorán suain go daonnúil don mhadra.



## TCI Baile



Mar atá leagtha amach i gComhaontú Tionóntachta Chomhairle Contae Fhine Gall, tá cead i scríbhinn chun teaghais de chuid na Comhairle a athrú ag teastáil sula bhféadfar aon obair a dhéanamh, lena n-áirítear teilifís ciorcaid iata (TCI) nó cloigíní dorais cliste a shuiteáil.

Molann an Coimisiún um Chosaint Sonraí go ndéanfadh gach sealbhóir tí a ngléasanna TCI/a gcloigíní dorais cliste/a ngléasanna taifeadta a oibriú ar bhealach nach ngabhann ach íomhánna laistigh de theorainn na réadmhaoine, ionas nach ndéanfar aon ghearáin chuig an gCoimisiún maidir le húsáid na ngléasanna sin agus ionas nach gcuirfear oibritheoirí faoi réir imeachtaí sibhialta nó coiriúla ó na daoine a ndéantar difear dóibh.

**Nóta:** Más rud é go bhfoilseofar píosaí scannán nó íomhánna ar líne nó go gcomhroinnfear iad ar na meáin shóisialta, is féidir go dtiocfaidh siad chun bheith faoi réir oibleagáidí an rialaitheora sonraí agus an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.




## Torann

Táthar ag súil leis go ndéanfaidh Tionóntaí na Comhairle, áititheoirí agus a gcuairteoirí breithniú ar an dóigh a bhféadfadh a stíl mhaireachtála agus a ngníomhaíochtaí dul i bhfeidhm ar dhaoine eile a chónaíonn san fhoirgneamh céanna leo agus/nó san eastát tithíochta céanna leo.

Mar gheall ar iad a bheith de chineál suibiachtúil, bíonn sé deacair gearáin torainn a imscrúdú agus a réiteach toisc nach mbíonn aon fhianaise tacaíochta ann de ghnáth agus nach mbíonn ann ach focal duine amháin in aghaidh focal duine eile. Tá sé tábhachtach a aithint freisin gur féidir le Tionóntaí (agus/nó le háititheoirí) agus/nó le cuairteoirí leibhéal áirithe torainn a ghiniúint le linn dóibh a dteach agus a n-eastát tithíochta a theachtadh. I gcás gur féidir, molann an Chomhairle do chomharsana nithe mar sin a réiteach eatarthu féin.

I gcás nach mbeifear in ann gearán a réiteach idir comharsana, déanfaidh an Chomhairle dianiarracht an gearán a imscrúdú i gcás go mbaineann sé le Tionóntacht de chuid na Comhairle.

I gcás go ndéanfar gearán maidir le torann dianseasmhach, féadfaidh an gearánach iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt dúiche ar Ordú um Leasú Torainn de réir alt 108 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.



## Oibleagáidí Bainistíochta Dramhaíola

Ní mór do gach Tionónta a chinntiú go gcoinnítear riocht glan slachtmhar ar a dteaghais agus, i gcás gurb iomchuí, ar a ngairdín. Meastar gur iompar frithshóisialta é bruscar a chaitheamh nó dramhaíl a stoc-charnadh i réadmhaoin, gairdín, seid/seideanna, comhlimistéar comhroinnte nó lána de chuid na Comhairle agus ní ghlacfar leis an iompar sin.

Is le Fodhlíthe Chomhairle Contae Fhine Gall um Dhramhaíl Teaghlaigh agus Tráchtála a Leithlisiú, a Stóráil agus a Thabhairt i Láthair, 2020, a rialaítear raon saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear oibleagáid a chur ar thomhaltóirí leas a bhaint as seirbhís údaraithe bailiúcháin dramhaíola nó cruthúnas doiciméadach a sholáthar ar na modhanna malartacha a úsáideann siad chun a ndramhaíl a dhiúscairt, mar aon le leithlisiú méadaithe dramhaíola a spreagadh chun na méideanna dramhaíola iarmharaí a bhailítear a laghdú. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ag www.fingal.ie.





## Scútair Leictreacha, Cuadrothair agus Rothair Streachailte

Tugadh na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Scútair Leictreacha) isteach sa bhliain 2024. Faoi na rialacháin;

**Ní mór** d'úsáideoirí scútar leictreach:

- A bheith 16 bliana d'aois nó níos sine.
- Cloí le luasteorainn 20 ciliméadar san uair.
- Tiomáint ar thaobh na láimhe clé. Ceadaítear scútair leictreacha a úsáid i lánaí rothar agus i lánaí bus agus ar bhóithre áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.
- Soilse, cloigín nó gléas rabhaidh inchloiste, frithchaiteoirí agus coscáin a bheith acu ar a scútar leictreach agus iad a choinneáil i riocht ródacmhainneach i gcónaí.
- Géilleadh do chomharthaí a thugann aon Gharda nó aon mhaor scoile agus cloí leis na rialacha bóthair céanna a bhfuil feidhm acu maidir le rothaithe, lena n-áirítear soilse tráchta, comharthaí bóthair, agus na cineálacha uile de thrasrianta coisithe.

**NÍ CEADMHACH** d'úsáideoirí scútar leictreach:

- Cosáin, limistéir atá áirithe do choisithe amháin nó mótarbhealaí a úsáid.
- Fón póca a choinneáil nó a úsáid.
- Suíochán a bheith acu ar a scútar leictreach.
- Paisinéirí a iompar (mar shampla, leanaí a iompar chun na scoile).
- Earraí a iompar (mar shampla, bia nó beartáin a sheachadadh).

Tháinig na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Feithiclí Áirithe a Rialú) i bhfeidhm sa bhliain 2026, agus toirmisctear leo rothair streachailte, cuadrothair agus gluaisrothair easbhóthair den chineál céanna a úsáid i spásanna poiblí.



## Baill Foirne

Caitheann baill foirne na Comhairle le gach saoránach leis an meas agus leis an gcúirtéis is mó is féidir. Ba cheart dár mbaill foirne an meas céanna agus an chúirtéis chéanna a fháil freisin agus gnó de chuid na Comhairle á sheoladh acu. Dá réir sin, ní ghlacfar leis na cineálacha iompair seo a leanas nuair a bheifear i dteagmháil le hOifigigh nó Conraitheoirí de chuid na Comhairle nó le Tríú Páirtithe atá ag gníomhú thar ceann na Comhairle:

- Baill foirne a chiapadh, a imeaglú nó a chomhéigniú trí úsáid a bhaint as teanga atá maslach, bagrach nó míchuí le linn dóibh a ndualgais a ghabháil de láimh.
- Foréigean a úsáid nó foréigean a bhagairt.
- Damáiste mailíseach a dhéanamh do mhaoin de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall agus/nó do mhaoin/feithiclí de chuid Conraitheoirí agus/nó an mhaoin sin nó an mhaoin/na feithiclí sin a ghoid.
- Barúlacha do-ghlactha nó ábhar gránna a phostáil ar na meáin shóisialta/ardáin dhigiteacha ina ndéantar tagairt d'fhostaithe nó Conraitheoirí de chuid na Comhairle nó do Thríú Páirtithe atá ag gníomhú thar ceann na Comhairle nó a bhaineann leis na daoine sin.



# RANNÁN 4


## Bearta chun Iompar Frithshóisialta a Chosc agus a Laghdú

**Cuspóirí na Rannóige Bainistíochta Eastáit**

- Straitéis na Comhairle maidir le hIompar Frithshóisialta a chur chun feidhme
- Imscrúdú a dhéanamh ar gach gearán maidir le hiompar frithshóisialta.
- Tionóntachtaí a chothú trí chomhoibriú le comhlachtaí reachtúla eile.
- Na déantóirí líomhnaithe a chur faoi agallamh/iad a cheistiú/rabhadh a thabhairt dóibh.
- Bearta coisctheacha a dhéanamh, lena n-áirítear rabhaidh i scríbhinn agus ó bhéal a thabhairt, i gcás gur gá.
- Leigheasanna dlí a lorg, i gcás gur gá.

Féachfaidh an Chomhairle le hiompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú trí na sásraí seo a leanas.

### Dearadh Eastáit



Cinnteoidh an Chomhairle go gcuirfear an dea-chleachtas san áireamh i ndearadh a heastát chun an fhéidearthacht go dtarlódh iompar frithshóisialta a laghdú nó a dhíothú. Oibreoidh an Chomhairle i dtreo iompar frithshóisialta a laghdú trí bhearta éagsúla a úsáid, lena n-áirítear na bearta seo a leanas (ach gan a bheith teoranta dóibh): deireadh a chur le limistéir choitianta iompair fhrithshóisialta in eastáit atá ann cheana trí athruithe a dhéanamh ar bhóithre agus ar lánaí, trí thithíocht inlíonta a thógáil, trí ráillí a chur in airde, trí chrainn a chur, trí fheabhsuithe a dhéanamh ar shoilsiú poiblí agus trí aon oibreacha iomchuí eile a bhaineann le tírdhreachú fisiciúil nó le feabhsú eastáit.

### Teaghaisí folmha



Is féidir le teaghaisí folmha iompar frithshóisialta a mhealladh. Déanfaidh an Chomhairle a seacht ndícheall an méid ama a bheidh teaghais folamh a laghdú. Chuige sin, agus deisiúcháin réamhligin á ndéanamh, tabharfar tús áite do theaghaisí a shainaithneofar a bheith leochaileach.

## Leithdháiltí/Cead chun Cónaí



Agus measúnú á dhéanamh ar gach iarratas ar thithíocht, lena n-áirítear cead chun cónaí, tabharfar aird ar rannpháirtíocht iarratasóirí in iompar coiriúil agus frithshóisialta, más infheidhme. Beidh agallamh le Foireann Tithíochta na Comhairle agus iarraidh fhoirmiúil chuig an nGarda Síochána ar thuarascáil chúlra i gceist leis sin.

## Cúrsaí Ionduchtúcháin do Thionóntaí



Ceanglaítear ar Thionóntaí ionchasacha freastal ar chúrsa ionduchtúcháin do Thionóntaí. Le linn oiliúint ionduchtúcháin, gheobhaidh Tionóntaí faisnéis faoina gcuid freagrachtaí i leith na Comhairle, a gcomharsan agus an phobail – mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Tionóntachta agus sa Lámhleabhar do Thionóntaí. Tá an oiliúint sin éigeantach agus ní mór í a chur i gcrích sula síneofar an Comhaontú Tionóntachta. Le linn an chúrsa, tabharfar faisnéis faoi na tacaíochtaí agus na hidirghabhálacha atá ar fáil do Thionóntaí chun cabhrú lena dtionóntachtaí agus iad a chothú.

## Lámhleabhar do Thionóntaí




Faigheann gach Tionónta Lámhleabhar do Thionóntaí nuair a shíníonn siad dá dTionóntacht. Tá an lámhleabhar ina dhoiciméad tábhachtach ina dtugtar faisnéis faoi choinníollacha na Tionóntachta agus ina leagtar amach na hoibleagáidí atá ar an Tionónta agus na hoibleagáidí atá ar Chomhairle Contae Fhine Gall.

## Cead le haghaidh Oibreacha




Mar atá leagtha amach i gcomhaontú Tionóntachta na Comhairle, ní mór do Thionóntaí cead i scríbhinn a fháil ón gComhairle sula dtabharfaidh siad faoi oibreacha áirithe ar an réadmhaoin atá faoi úinéireacht na Comhairle – áirítear leis sin córais TCI agus cloigíní dorais cliste a shuiteáil. Agus measúnú á dhéanamh ar iarratais, déanfar breithniú, i gcás gurb infheidhme, ar cé acu a bhí nó nach raibh aon bhaint ag an Tionóntacht le hiompar coiriúil nó frithshóisialta nó cé acu a d’fhéadfadh nó nach bhféadfadh na hoibreacha beartaithe rannchuidiú le hiompar coiriúil nó frithshóisialta.

## Freagracht an Tionónta agus Forfheidhmiú an Chomhaontaithe Tionóntachta



Tá an Comhaontú Tionóntachta ina dhoiciméad dlíthiúil ina leagtar amach go soiléir na freagrachtaí atá ar an Tionónta. Imscrúdófar aon sáruithe líomhnaithe ar an gComhaontú Tionóntachta. I gcás go gcruthófar go ndearnadh sárú ar an gComhaontú Tionóntachta, forfheidhmeoidh an Chomhairle téarmaí an Chomhaontaithe Tionóntachta de réir an nós imeachta atá leagtha amach i Rannán 5 anseo.

## Idirghabháil



Molann an Chomhairle do Thionóntaí díospóidí a réiteach eatarthu féin a mhéid is mó is féidir. I gcás gur cuí, is féidir go dtairgfidh an Chomhairle idirghabháil mar réiteach féideartha, i.e., díospóidí idir comharsana, díospóidí torainn/bolaidh, agus coinbhleacht laistigh de theaghlaigh. Is rud atá neamhspleách ar an gComhairle í idirghabháil, áit a dtairgtear seirbhís rúnda neamhchoimhlinteach saor in aisce do rannpháirtithe ionas gur féidir leo a ndíospóidí a réiteach. Ní mór don dá pháirtí comhaontú leis an bpróiseas chun go rachfar ar aghaidh leis, agus ní nochtann na hidirghabhálaithe na torthaí don Chomhairle.

## Tacaíochtaí Tionóntachta/Leas Tithíochta




I gcás go gcruthófar go bhfuil ceangal ann idir tionóntachtaí agus iompar frithshóisialta, is féidir go dtairgfidh an Chomhairle tacaíocht trínár nOibrithe Sóisialta Tithíochta, le comhaontú ón Tionónta. Is féidir go dteastóidh cúnamh, tacaíocht nó atreorú chuig gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile ó theaghlaigh a bhfuil baint acu le hiompar frithshóisialta. Is minic a thagann athrú ar iompar daoine den teaghlach mar thoradh ar an gcineál idirghabhála sin. Tá Rannóg thiomnaithe Leasa Tithíochta ag an gComhairle, rud ar féidir leis tacaíocht a thairiscint do Thionóntaí soghonta chun cabhrú leo Tionóntacht rathúil a bheith acu agus teach a bhunú.

## An Chigireacht Tithíochta



Bíonn láithreacht láidir ag an gCigireacht Tithíochta in eastáit na Comhairle. Éascóidh an láithreacht sin idirghníomhaíocht le Tionóntaí agus soláthróidh sí faisnéis cothrom le dáta maidir leis na dálaí a bhíonn ann ar na heastáit. Déanfaidh Cigireacht Tithíochta na Comhairle idirchaidreamh díreach le Gardaí Pobail freisin.

## Graifítí a Bhaint



Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall le graifítí a bhaint d’eastáit na Comhairle. Meastar go ndéanann graifítí dochar don chuma atá ar chomharsanacht agus go rannchuidíonn sé le timpeallacht a chruthú inar féidir le hiompar frithshóisialta tarlú.

## Rannpháirtíocht Cónaitheoirí



I gcás go nglacfaidh cónaitheoirí úinéireacht ar a n-eastáit agus go mbeidh siad bródúil astu, tiocfaidh dea-spiorad pobail chun cinn. Cuirfidh an Chomhairle caidreamh le grúpaí éagsúla pobail agus cónaitheoirí chun cinn chun braistint phobail agus bhróid a chothú in eastáit tithíochta na Comhairle. Cothófar grúpaí nua cónaitheoirí, agus tabharfar spreagadh agus cúnamh dóibh, i bhforbairtí nua comhairle, a bhíonn de chineál iltionachta níos mó agus níos mó agus a mbíonn meascán il-eitneach iontu.

## Diúltú Teaghais a Dhíol




Le hAchtanna na dTithe – lena n-áirítear, i measc nithe eile, alt 14 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú) – tugtar de chumhacht d'údaráis áitiúla, ar fhorais iompair fhrithshóisialta agus/nó dea-bhainistíochta eastáit, diúltú teaghais a dhíol faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí.

## Ciníochas/ Fuathchoireacht



Is é is ciníochas ann aon ghníomh, aon chleachtas, aon bheartas, aon dlí, aon óráid nó aon teagmhas a bhfuil sé d'éifeacht aige nó aici (cibé acu d'aon ghnó nó ar shlí eile) an bonn a bhaint den dóigh a dteachtann aon duine cearta an duine atá aige nó aici, bunaithe ar bhunadh nó cúlra eitneach nó náisiúnta iarbhír nó braite an duine, i gcás gur cúlra grúpa imeallaithe nó cúlra grúpa atá faoi smacht go stairiúil é an cúlra sin.

Is é is fuathchoireacht ann, tríd is tríd, coireacht fhoréigneach a dhéantar de dheasca claontachta, áit a spriocdhíríonn déantóir coire ar íospartach mar gheall ar é nó í a bheith ina dhuine nó ina duine de ghrúpa sóisialta áirithe.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag obair ar Thionscadal SALAAM, atá á chistiú ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le hOllscoil Luimnigh, le Líonra na hÉireann in aghaidh an Chiníochais, le Doras agus le Comhairle um Inimircigh na hÉireann. Tá roinnt gnéithe i gceist leis an tionscadal sin. Ceann amháin de na gnéithe sin is ea treoir a thabhairt d'aon duine atá ag iarraidh teagmhas ciníoch a thuairisciú dó nó di féin nó thar ceann duine eile.

**Conas tuairisc a thabhairt**

- Más baol láithreach don bheatha nó do mhaoin é an teagmhas ciníoch atá ag baint duit, más cion coiriúil é nó má bhraitheann tú go bhfuil tú faoi bhagairt, moltar duit an teagmhas a thuairisciú don Gharda Síochána ar an gcéad ásc.
- Is féidir leat teagmhas ciníoch a thaifeadadh freisin tríd an gcóras iReport.ie: www.ireport.ie/web-report-racist-incidents.
- Ba cheart tuairiscí ar chiníochas/fuathchoireacht a thabhairt d'Aonad Iompair Fhrithshóisialta Chomhairle Contae Fhine Gall freisin i gcás go measfar go bhfuil Tionónta/Tionóntacht i gceist leis an teagmhas.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig www.fingal.ie.



# RANNÁN 5



## Gearán maidir le hIompar Frithshóisialta a Dhéanamh/a Imscrúdú – Beartas agus Nósanna Imeachta

Leagtar amach sa Rannán seo den Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag an gComhairle le haghaidh gearáin maidir le hiompar frithshóisialta a fháil agus a imscrúdú.

Is féidir aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta ar roinnt bealaí difriúla. Beidh éagsúlacht ann maidir leis na bearta a ghlacfaidh an Chomhairle chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta, agus iad ag brath ar imthosca gach cáis ar leith. Áirítear leo sin na cumhachtaí agus na leigheasanna atá ar fáil don Chomhairle faoi na hachtacháin seo a leanas:

- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú) – lena n-áirítear na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: cumhachtaí chun orduithe eisiata/orduithe eisiata ó láithreán (ailt 3-3A), lena n-áirítear orduithe eisiata eatramhacha, a lorg.
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 (arna leasú) – lena n-áirítear na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: cumhachtaí i ndáil le Rabhadh Tionóntachta a eisiúint a bhaineann le hiompar frithshóisialta (alt 7); nósanna imeachta i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rabhaidh Thionóntachta (alt 10); agus cumhachtaí a bhaineann le seilbh a lorg ar theaghaisí de dheasca sáruithe ar Chomhaontú Tionóntachta, i measc nithe eile.

Ós rud é gur féidir go gcuirfear daoine a bhfuil iompar frithshóisialta ag baint dóibh ó ghearán a dhéanamh maidir leis an iompar sin, nó go gcuirfear cosc orthu déanamh amhlaidh, mar thoradh ar fhoréigean, ar bhagairt nó ar eagla, agus ar mhaithe le sábháilteacht daoine den sórt sin, is féidir gach gearán a dhéantar leis an gComhairle a dhéanamh i modh rúin agus gan ainm mar a leanas:

- Glao a chur ar 01 890 5000 ó 9.00am go 5.00pm ón Luan go dtí an Déardaoin agus ó 9.00am go 4.30pm ar an Aoine.
- I scríbhinn chuig an Aonad Iompair Fhrithshóisialta, Bainistíocht Eastáit, An Roinn Tithíochta, Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15.
- Ríomhphost a sheoladh chuig asb@fingal.ie
- I bpearsa ag Oifigí na Comhairle Contae i mBaile Bhlainséir agus i Sord ó 9.00am go 5.00pm ón Luan go dtí an Déardaoin agus ó 9.00am go 4.30pm ar an Aoine.
- Ar líne.
- Nós imeachta gearán na Comhairle.
- Ionadaithe poiblí.

Chun críocha aon imeachtaí dlíthiúla faoi Chuid 2 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014

(arna leasú), agus/nó faoi ailt 3-4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú), a eascróidh as iompar frithshóisialta, agus chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta, féadfaidh an Chomhairle, a mhéid is cuí déanamh amhlaidh, nó a bheidh bunús ann le déanamh amhlaidh, in imthosca an cháis, brath ar fhorálacha alt 21 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú).

Chun cabhrú leis an gComhairle imscrúdú a dhéanamh ar líomhain faoi iompar frithshóisialta, ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don Aonad Iompair Fhrithshóisialta:

| | |
|---|---|
| **Dáta agus am** an teagmhais nó na dteagmhas líomhnaithe. | ✓ |
| **Áit** ar tharla an teagmhas líomhnaithe. | ✓ |
| **Tuairisc** ar an teagmhas líomhnaithe. | ✓ |
| Cé acu a **chonaic an gearánach an teagmhas líomhnaithe go díreach** nó a thángthas ar an eolas faoi trí fhaisnéis ó thríú páirtí. | ✓ |
| Cé acu a **tuairiscíodh** nó nár tuairiscíodh an teagmhas líomhnaithe don Gharda Síochána. | ✓ |
| **Ainm agus seoladh** na ndéantóirí líomhnaithe. | ✓ |
| Aon **fhaisnéis iomchuí** eile. | ✓ |

Glacann an Chomhairle leis gur féidir nach mbeidh gearánach in ann an fhaisnéis thuas ar fad a sholáthar.

**Nóta:** Ní fhéadfaidh an Chomhairle imscrúdú a dhéanamh ach amháin ar líomhaintí faoi ghníomhaíocht fhrithshóisialta a bhaineann leis an stoc tithíochta a bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir leis. Ní fhéadfaidh an Chomhairle gearáin a imscrúdú i gcás nach mbeifear in ann an ciontóir líomhnaithe a shainaithint.

## Gearáin Chráiteacha

I gcás go gcinnfidh an Chomhairle go bhfuil an gearán de chineál cráiteach, i.e., i gcás nach mbeidh aon bhunús ann leis an ngearán, nach mbainfidh sé le Tionóntacht nó nach dtiocfaidh sé faoi shainchúram na Comhairle, ní fhéadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall imscrúdú a dhéanamh ar an ní.

Mar an gcéanna, i gcás go gcinnfidh an Chomhairle gur baineadh mí-úsáid as an bpróiseas, is féidir nach ndéanfar imscrúdú ar ghearáin ón aon pháirtí amháin maidir leis an aon teaghlach amháin gan an gearán a chomhdhearbhú.

## Rúndacht

Déanann an Chomhairle a seacht ndícheall céannacht na ngearánach a chosaint trí fhaisnéis a ghabháil ar chóras slán TF. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach ceart faoin dlí í rúndacht agus go bhféadfaidh na Cúirteanna agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise ár n-iarrachtaí chun céannacht gearánach a chosaint a shárú.

De réir an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2016, tá rochtain ar an mbunachar sonraí gearán faoi chosaint pasfhocail agus ní fhéadfaidh ach pearsanra údaraithe é a rochtain. Is i dtaisce a chuirtear na comhaid pháipéir uile.

## Saoráil Faisnéise

Cosnaítear gach imscrúdú faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018. Mar sin, ní fhéadfar faisnéis a bhaineann le himscrúdú a chomhroinnt leis an ngearánach ná leis an bpobal ach amháin de réir an dlí.

Faigheann an Chomhairle iarrataí Saorála Faisnéise nó Iarrataí ar Rochtain d'Ábhar Sonraí ó dhaoine chun a chinneadh cén ghníomhaíocht a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar a ngearán nó chun a chinneadh cé a rinne gearán ina gcoinne.

Le hailt 30(1a), 32, 35, 37 agus 42(m) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, ceadaítear don Chomhairle gan faisnéis a eisiúint a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'éifeachtacht an phróisis imscrúdaithe nó lena bhféadfaí an gearánach a shainaithint.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbíonn gearáin áirithe chomh sonrach sin nach féidir céannacht an ghearánaigh a chosaint. I gcás gurb eol don Chomhairle go nochtfar céannacht duine mar thoradh ar chineál an ghearáin féin, déanfaimid dianiarracht fógra a thabhairt don duine faoi sin sula dtosófar an t-imscrúdú.

## Nós Imeachta Imscrúdaitheach

Taifeadtar tuairiscí ina líomhnaítear iompar frithshóisialta agus, tar éis measúnú/imscrúdú tosaigh a dhéanamh orthu, catagóirítear iad chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas imscrúdaithe.

Déanann an Chomhairle imscrúdú iomlán ar gach gearán maidir le hiompar frithshóisialta. Ag brath ar imthosca an ghearáin agus ar chineál an iompair fhrithshóisialta líomhnaithe, is féidir go ndéanfar imscrúdú ar an gcéanna ar an mbealach seo a leanas:

- Tabharfaidh Cigire Tithíochta de chuid na Comhairle cuairt ar an teaghais; agus/nó
- Más rud é go measfaidh an Chomhairle é seo a bheith riachtanach, eagrófar agallamh leis an ngearánach – déanfaidh an Chomhairle taifead scríofa ar an agallamh; agus/nó
- Más rud é go measfaidh an Chomhairle é seo a bheith riachtanach, eagrófar agallamh leis an duine nó leis na daoine a líomhnaítear go bhfuil an t-iompar frithshóisialta á ghabháil de láimh aige nó aici nó acu agus/nó le cibé daoine a bheidh freagrach ar shlí eile as an duine nó na daoine a líomhnaítear go bhfuil an t-iompar frithshóisialta á ghabháil de láimh aige nó aici nó acu – déanfaidh an Chomhairle taifead scríofa ar an agallamh; agus/nó
- Más rud é go measfar é seo a bheith riachtanach, eiseofar iarraidh ar fhaisnéis faoi alt 15 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú). Foráiltear mar a leanas le halt 15(2) d'Acht 1997:

"Féadfaidh údarás tithíochta, chun críocha aon cheann dá chuid feidhmeanna faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2009, nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, faisnéis a iarraidh ar údarás tithíochta eile nó ar dhuine sonraithe ar faisnéis í a bhaineann le duine—

(a) atá ag iarraidh tí nó láithreáin ar an údarás nó ag iarraidh carbhán a áitiú ar láithreán nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dteach, nó a bheartaíonn cónaí a dhéanamh i dteach, arna sholáthar

ag an údarás nó ag comhlacht ceadaithe, lena n-áirítear teach is ábhar do chomhaontú infhaighteachta cóiríochta cíosa, nó atá ag iarraidh nó ag fáil aon tacaíochta tithíochta eile (de réir bhrí Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009) faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2009, nó

(b) a measann an t-údarás ina leith go bhféadfadh sé go bhfuil sé nó sí ag gabháil d'iompar frithshóisialta,

agus, d'ainneoin aon ní atá in aon achtachán, féadfaidh an t-údarás tithíochta eile sin nó an duine sonraithe eile an fhaisnéis a thabhairt don údarás tithíochta atá á hiarraidh.".

Folaíonn "duine sonraithe", chun críocha alt s.15(2): an Biúró um Shócmhainní Coiriúla; comhalta den Gharda Síochána; an tAire Leasa Shóisialaigh; bord sláinte; nó comhlacht ceadaithe (de réir alt s.15(1)).

## Agallaimh maidir le hIompar Frithshóisialta

I dteannta na nithe a leagadh amach roimhe seo, mar chuid d'imscrúdú ar iompar frithshóisialta líomhnaithe ag Tionónta (nó ag duine de theaghlach an Tionónta nó ag cuairteoir nó ag cuairteoirí) – a mhéid a mheasfaidh an Chomhairle an cur chuige seo a bheith riachtanach – is féidir go n-iarrfar ar na daoine lena mbaineann freastal ar agallamh. Tabharfaidh sé sin deis don Tionónta freagra a thabhairt ar líomhaintí faoi iompar frithshóisialta.

Ceanglófar ar gach Tionónta freagra a thabhairt nuair a ghlaofar chun agallaimh iad agus caidreamh a dhéanamh leis an gComhairle de réir mar a iarrfar.

Más rud é go mainneoidh Tionónta freagra a thabhairt ar iarrataí ar agallamh, féadfar seasamh leis an ngearán más rud é go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach imscrúdúcháin lena chreidiúint go bhfuil baint ag an Tionónta le hiompar frithshóisialta nó gur sháraigh sé nó sí a Chomhaontú Tionóntachta nó a Comhaontú Tionóntachta. Ós rud é go ndéanfar taifead scríofa ar an agallamh, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ceadmhach agallaimh a thaifeadadh.

## Torthaí Féideartha

Áirítear iad seo a leanas leis na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar imscrúdú (seachas a chinneadh go ndearnadh sárú ar an Tionóntacht, rud atá pléite thíos) i ndáil le líomhain faoi iompar frithshóisialta:


- Féadfar an gearán a réiteach ar an leibhéal áitiúil (más cuí) – mar shampla, trí réiteach comhaontaithe idir an gearánach agus an duine a líomhnaítear a bheith freagrach as an iompar frithshóisialta.
- Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an Tionóntacht agus/nó cigireachtaí tráthrialta a dhéanamh ar an teaghais (de réir théarmaí an Chomhaontaithe Tionóntachta agus/nó na bhforálacha de na hAchtanna Tithíochta).
- Idirghabháil a thairiscint do na páirtithe (gearánach/déantóir) – ní mór do na páirtithe uile comhaontú leis an idirghabháil sin. Tá téarmaí aon idirghabhála den sórt sin le comhaontú i scríbhinn.
- Más cuí, atreorú a dhéanamh chuig an Rannóg Leasa Tithíochta (ní mór comhaontú a fháil ón Tionónta).
- Atreorú a dhéanamh chuig Roinn Inmheánach de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall.
- Atreorú Idirghníomhaireachta a dhéanamh.

## Sárú ar Thionóntacht

Más rud é go gcruthófar go ndearnadh sárú ar an gComhaontú Tionóntachta, féadfar na bearta seo a leanas a dhéanamh (ag brath ar thuairimí na Comhairle maidir le cineál agus déine an tsáraithe sin):

- Féadfar Rabhadh ó Bhéal a eisiúint.
- Féadfar Foláireamh Tionóntachta a eisiúint.
- Féadfar Rabhadh Foirmiúil Tionóntachta a eisiúint, de bhun Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 (arna leasú). Féadfar athbhreithniú ar Rabhadh Tionóntachta a lorg, de bhun alt 10 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 (arna leasú).
- Ní ghlacfar le haon iompar frithshóisialta a bheidh dírithe ar mhaoin na Comhairle nó ar Oifigigh nó Conraitheoirí de chuid na Comhairle. Ní ghlacfar ach oiread le haon chur isteach a chuirfidh cosc orthu a ndualgais a ghabháil de láimh. I gcás gur tuairiscíodh an ní don Gharda Síochána nó gur eisíodh Rabhadh Tionóntachta, is féidir go gcoinneodh an Chomhairle cothabháil siar nó nach soláthróidh sí ach cothabháil éigeandála, cothabháil a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht agus/nó cothabháil a bhaineann le Sláinte Comhshaoil, agus is féidir go ndéanfar caingean dlí.
- Is féidir go n-eiseofar imeachtaí dlíthiúla, arbh é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo, de bhun na bhforálacha d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú), agus/nó d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 (arna leasú), de réir mar is cuí/mar is iomchuí, iarratas a dhéanamh ar Ordú Eisiata nó iarratas ar Ordú Seilbhe (chun seilbh a aisghabháil ar an teaghais).

Tugtar i bhFíor 1 thíos cairt léiritheach/sreabhchairt de na torthaí féideartha atá luaite thuas.



## Caingean Dlí

Breithneofar caingean dlí i gcás go raibh iompar frithshóisialta tromchúiseach nó leanúnach ann agus/nó i gcás gur tharla sárú tromchúiseach eile ar an Tionóntacht laistigh de 12 mhí ó Rabhadh Tionóntachta a eisiúint. I gcás iompar frithshóisialta suntasach, cuirtear ar chumas na Comhairle leis an reachtaíocht dul thar Rabhadh Tionóntachta a eisiúint agus caingean dlí a thionscnamh go díreach. Féadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall caingean dlí a thionscnamh i bhfoirm ordú eisiata nó ordú seilbhe.

## Ordú Eisiata

Féadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall, i leith teach arna sholáthar ag an údarás faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2021, arna leasú, iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar ordú eisiata i gcoinne duine a gcreideann an t-údarás go bhfuil sé nó sí ag gabháil d'iompar frithshóisialta.

Is é is Ordú Eisiata ann ná Ordú arna dheonú ag an gCúirt Dúiche d'Údarás Tithíochta chun cosc a chur ar dhuine dul isteach i réadmhaoin ar leith nó in eastát iomlán. Is féidir an tOrdú Eisiata a sheirbheáil ar dhuine de theaghlach nó ar dhuine aonair a bhfuil baint aige nó aici leis an teaghais. Ní mór a chruthú go raibh baint ag an duine le hiompar frithshóisialta agus go bhfuil an tOrdú Eisiata ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit. Is féidir le Tionóntaí, le Comhlachtaí Tithíochta Deonacha agus le hÚdaráis Áitiúla iarratas a dhéanamh ar na horduithe sin.

Éascaítear leis sin freagairt spriocdhírithe d'iompar frithshóisialta trína ndéileáiltear leis na ciontóirí sonracha dá réir. Leis sin, cosnaítear teaghlach iomlán ar dhíbirt más rud é nach bhfuil ach áititheoir amháin nó duine aonair amháin a bhfuil baint aige nó aici leis an teaghais páirteach san iompar. Tá sé de cheart ag Tionónta Comhairle freisin iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar Ordú Eisiata i gcoinne duine, lena n-áirítear comh-Thionónta atá ag gabháil d'iompar frithshóisialta.

Is féidir le hOrduithe Eisiata a bheith bailí ar feadh trí bliana, agus déantar an t-iarratas de réir alt 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997.

## Ordú Seilbhe

Tá foirceannadh na Tionóntachta le hOrdú Seilbhe ina rogha nach mbreithneoidh Comhairle Contae Fhine Gall í ach amháin mar rogha dheiridh má tá gach bealach eile ídithe nó má mheastar go bhfuil an t-iompar frithshóisialta chomh tromchúiseach sin go bhfuil gá le hiarratas a dhéanamh ar an gcéanna.


I gcás go leanann iompar frithshóisialta tromchúiseach ar aghaidh laistigh de 12 mhí ó eisiúint Rabhaidh Tionóntachta nó i gcás go bhfuil iompar frithshóisialta suntasach ann, déanfaidh an Chomhairle iarratas ar Ordú Seilbhe de réir alt 12 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.

Tá an Tionónta i dteideal a bheith i láthair sa chúirt chun an cás a chosaint. Is féidir le hoifigigh ón gComhairle fianaise a thabhairt thar ceann gearánach faoi dhianchoinníollacha agus faoi rogha na Cúirte. Mar sin féin, is féidir a cheangal ar ghearánaigh freisin fianaise dhíreach a thabhairt ar an iompar a chonaic siad.

Breithneoidh an Chúirt na bearta a rinne an Chomhairle, freagra an Tionónta, éifeachtaí an iompair ar cháilíocht beatha na comharsanachta, agus an chomhréireacht a bhaineann le hordú a dhéanamh. Ní dheonóidh Breitheamh na Cúirte Dúiche an tOrdú Seilbhe ach amháin má chreideann sé nó sí go bhfuil sé cuí agus comhréireach déanamh amhlaidh. Foirceanntar an Tionóntacht an lá a dhíbrítear an Tionónta.

Más gá imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh, féadfaidh an Chomhairle na costais a bhaineann leis an gcéanna a ghnóthú ón bhfreagróir.

I roinnt cásanna, is féidir a shainaithint le linn idirghabháil Roinn Leasa Tithíochta na Comhairle go bhfuil tacaíocht ag teastáil ó bhaill den Tionóntacht. Soláthrófar an tacaíocht sin de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i Rannán 4 (Tacaíochtaí Tionóntachta/Leas Tithíochta).






## Beartas um Chomhar le Comhlachtaí Reachtúla – Cur Chuige Idirghníomhaireachta

Glacann an Chomhairle cur chuige comhoibríoch chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta le comhoibriú agus rannpháirtíocht ghníomhach ó chónaitheoirí, ó ghrúpaí pobail, ón nGarda Síochána, ó Tusla, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ó Ghrúpaí atá Ionadaíoch don Lucht Siúil, i.e., Ionad Pavee, ó Thascfhórsaí Drugaí, agus ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile.

Dá réir sin, gabhann an Chomhairle uirthi féin obair i gcomhar le grúpaí cónaitheoirí (i gcás go bhfuil siad ionadaíoch agus comhdhéanta i gceart), leis an nGarda Síochána, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an Roinn Oideachais, le hIonadaithe Poiblí Tofa, le gníomhaireachtaí reachtúla eile, agus leis na comhlachtaí deonacha éagsúla, lena n-áirítear comhlachtaí tithíochta deonacha, chun obair chun fadhbanna a bhaineann le hiompar frithshóisialta a shainaithint agus chun freagairt dóibh.

Tá comhlachtaí tithíochta ceadaithe freagrach as iompar frithshóisialta a imscrúdú i réadmhaoine atá faoina n-úinéireacht agus faoina mbainistiú. Féadfaidh comhlachtaí tithíochta ceadaithe iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar Orduithe Eisiata nó féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chun an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ar Orduithe Cinnidh.

Tagann cuid mhór den iompar frithshóisialta tromchúiseach a tharlaíonn in Eastáit Chomhairle faoin gcatagóir arb éard í iompar coiriúil agus, dá bhrí sin, is faoin nGarda Síochána atá sé plé leis. Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall le naisc leis an nGarda Síochána a thionscnamh agus a chothabháil i dtaca le teagmhais iompair fhrithshóisialta mar a leanas:



Faisnéis scríofa a mhalartú de réir alt 15 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014, arna leasú.



Déanfar dlúthchaidreamh idir baill foirne na Comhairle agus stáisiúin áitiúla an Gharda Síochána a chothú agus a fhorbairt. Toradh amháin a bheidh air sin is ea go gcabhrófar le hiompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú. Toradh eile a bheidh air is ea go n-éascófar freagairt thapa spriocdhírithe do dheacrachtaí nuair a thagann siad chun cinn.



Is féidir go lorgófar comhairle ó Oifigeach Coischte Coireachta and Gharda Síochána chun cabhrú le limistéir choitianta iompair fhrithshóisialta a dhíothú.

## Imeaglú de dheasca Fiachas Drugaí

Is fadhb thromchúiseach olc a théann i bhfeidhm ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh, agus ar phobail ar fud na tíre é Imeaglú de dheasca Fiachas Drugaí. Tá méadú tagtha ar an líon tuairiscí a fhaigheann an Chomhairle maidir le himeaglú de dheasca fiachas drugaí le blianta beaga anuas. Is féidir le hImeaglú de dheasca Fiachas Drugaí tarlú ar a lán bealaí – mar shampla, bagairtí ó bhéal, foréigean fisiciúil, damáiste do mhaoin, agus foréigean gnéasach. Tá an Chomhairle tiomanta do thacaíocht a thabhairt do Thionóntaí agus dá dteaghlaigh a bhfuil imeaglú de dheasca fiachas drugaí á fhulaingt acu. Glacann an Chomhairle cur chuige comhoibríoch freagrúil i leith Imeaglú de dheasca Fiachas Drugaí trí fheasacht a mhúscailt ar an tionscadal náisiúnta DRIVE. www. driveproject.ie.

## Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Bhlainséir

Ag obair dó i gcomhar le comhpháirtithe reachtúla agus deonacha ón mbliain 1997 i leith, tá Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Bhlainséir ag forbairt freagairt áitiúil do shaincheisteanna drugaí agus alcóil ar son mhuintir Bhaile Átha Cliath 15. Tá sé mar aidhm ag Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Bhlainséir a chinntiú go mbeidh rochtain saor in aisce, ag an bpointe úsáide, ag cónaitheoirí Bhaile Átha Cliath 15 ar sheirbhísí tráthúla, ardchaighdeáin agus cuí. www.blanchardstowndrugstaskforce.ie.

## Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Bhaile Átha Cliath Thuaidh

Bunaíodh Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Bhaile Átha Cliath Thuaidh sa bhliain 2003 agus oibríonn sé chun geallsealbhóirí reachtúla, polaitiúla, pobail agus sóisialta a thabhairt le chéile chun seirbhísí a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhormhaoirsiú chun tacú leo siúd a bhíonn ag déileáil le húsáid substaintí a bhaineann le díobháil do leanaí, d'aosaigh, do theaghlaigh agus don phobal i gcoitinne. www.ndublinrdtf.


## Foréigean Baile

Is iad an Garda Síochána agus Tusla na príomhghníomhaireachtaí atá freagrach as cásanna foréigin baile a imscrúdú. I gcásanna áirithe, féadfar atreorú a dhéanamh chuig an Rannóg Leasa Tithíochta.

## Cosaint Leanaí

Má tá leanbh i mbaol, nó má tá bagairt baoil ann, ba cheart atreoruithe a dhéanamh go díreach chuig Tusla www.tusla.ie.

## Comh



## Pháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla

Tháinig na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla in ionad na gComhchoistí Póilíneachta sa bhliain 2025.  Cuireadh an t-athrú sin chun feidhme tar éis thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, lenar bunaíodh na comhpháirtíochtaí sin chun sábháilteacht pobail a fheabhsú ar fud na tíre.

## Cuspóirí na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla

Tuigtear leis an gcur chuige comhpháirtíochta sin go bhfuil gach pobal difriúil agus go bhfuil fadhbanna agus saincheisteanna difriúla acu agus go dteastaíonn ionchuir éagsúla ón Rialtas, ó sheirbhísí áitiúla, ón earnáil dheonach agus ón bpobal é féin chun freagairt do na fadhbanna agus na saincheisteanna sin.

Teastaíonn na gnéithe seo a leanas chun freagairt do na saincheisteanna atá luaite thuas: rannpháirtíocht an phobail chun a shainaithint cé na riachtanais atá ag an bpobal, chomh maith le tiomantas agus tacaíocht ó sholáthraithe seirbhíse Stáit, áitiúla agus deonacha chun obair le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin.

Déanfar ionadaíocht do gach pobal, dá sholáthraithe seirbhíse agus do gheallsealbhóirí eile ar an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.  Tar éis comhairliúchán poiblí, forbróidh gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Plean Áitiúil um Shábháilteacht Pobail a léireoidh na tosaíochtaí arna sainaithint ag an bpobal.

I ndeireadh na dála, oibreoidh an chomhpháirtíocht chun feabhas a chur ar chomhoibriú ilghníomhaireachta ina limistéar.  Beidh soláthraithe seirbhíse cuntasach don phobal maidir leis na gníomhartha comhaontaithe arna sainaithint sa Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a chomhlíonadh, agus beidh an pobal níos eolaí faoi ghníomhaíochtaí sábháilteachta pobail sa limistéar agus beidh sé níos ábalta páirt a ghlacadh iontu.

Tá sé beartaithe go n-áireofar iad seo a leanas le comhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla: cónaitheoirí; ionadaithe pobail, lena n-áireofar ionadaithe don óige, do phobail nua, agus don earnáil dheonach; ionadaithe gnó agus oideachais; seirbhísí poiblí iomchuí sa limistéar, lena n-áireofar FSS, Tusla, an Garda Síochána, agus an t-údarás áitiúil; agus comhairleoirí áitiúla. Beidh 30 comhalta ar a mhéad ag gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

## Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla - Struchtúr



Tá sé beartaithe go n-áireofar iad seo a leanas le comhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla: cónaitheoirí; ionadaithe pobail, lena n-áireofar ionadaithe don óige, do phobail nua, agus don earnáil dheonach; ionadaithe gnó agus oideachais; seirbhísí poiblí iomchuí sa limistéar, lena n-áireofar FSS, Tusla, an Garda Síochána, agus an t-údarás áitiúil; agus comhairleoirí áitiúla. Beidh 30 comhalta ar a mhéad ag gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

## Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla Fhine Gall – Struchtúr

Tá Contae Fhine Gall comhdhéanta de chodanna de Rannán Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thiar agus de Rannán Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh de chuid an Gharda Síochána. Bunaíodh dhá Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail chun ailíniú le Teorainneacha Fo-Cheantair an Gharda Síochána mar a leanas:

- Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Fhine Gall Thuaidh (Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh)
  - (Sord, Baile Brigín, na Sceirí, Lusca, an Ros, Domhnach Bat, Port Reachrann, an Seanbhaile, Baile Gháire, an Aill, Mullach Íde, Port Mearnóg, Baile Dúill, Cill Fhionntain, Binn Éadair, Teampall Mhaighréide)
- Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Fhine Gall Thiar (Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thiar)
  - (Caisleán Cnucha, Mullach Eadrad, Baile Bhlainséir, Cluain Saileach, an Chorr Dhubh, Ongar, Baile an Tirialaigh, Baile Maidheac, Ceapach)

Cheap Comhairle Contae Fhine Gall Comhordaitheoir Sábháilteachta Pobail i mí Lúnasa 2025. I mí na Nollag 2025, cheap Séamus Ó Ceallacháin, an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, na comhaltaí go foirmiúil ar Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Fhine Gall Thiar agus ar Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Fhine Gall Thuaidh, ar thionóil an dá cheann acu a gCruinniú Tionscnaimh i mí Eanáir 2026.






## Seirbhísí a Chomhordú laistigh den Chomhairle

Tá an Chomhairle tiomanta do theagmháil idir grúpaí pobail agus Ranna na Comhairle a fheabhsú chun seirbhísí a chomhordú laistigh dá heagraíocht féin chun déileáil go héifeachtach agus go héifeachtúil le hiompar frithshóisialta a laghdú agus a chosc.

## Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn Oibríochtaí

Tá freagracht ar an Roinn Oibríochtaí as bonneagar, taitneamhachtaí, agus limistéir áitiúla a chothabháil go fisiciúil agus a fheabhsú. Maidir le hiompar frithshóisialta, déanann an Fhoireann Oibríochtaí:

- Idirchaidreamh leis an nGarda Síochána i dtaca le hiompar frithshóisialta i bpáirceanna agus i spásanna oscailte.
- Bearta moillithe tráchta a sholáthar.
- Soilsiú sráide a sholáthar.
- Tionscnamh Bliantúil Oíche Shamhna Níos Sábháilte a reáchtáil i gcomhar leis an nGarda Síochána.
- Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn.
- Obair i ndlúthchomhar le grúpaí pobail, le cumainn cónaitheoirí, agus le coistí bailte slachtmhara sa limistéar áitiúil.

## Tacaíochtaí atá ar fáil tríd an Roinn Pobail agus Imeasctha

Tugann an Chomhairle spreagadh agus cabhair chun Cumainn Cónaitheoirí agus Grúpaí Pobail a bhunú. Bíonn an Chomhairle ag obair i gcónaí chun pobail a fhorbairt trí raon leathan clár agus seirbhísí. Tacaíonn an Chomhairle le raon leathan tionscnamh agus seirbhísí pobail ar fud Fhine Gall freisin, trí obair i gcomhar le grúpaí deonacha áitiúla agus le gníomhaireachtaí reachtúla chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine breacaosta, do dhaoine ó mhionlaigh eitneacha, do dhaoine óga, agus do leanaí chun freastal ar riachtanais an phobail éagsúil. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach www.fingal.ie/community-development.

# RANNÁN 8



## Dea-Bhainistíocht Eastáit

### Seiceálacha Cúlra

Faoi alt 15 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, féadfaidh an Chomhairle faisnéis a iarraidh ar ghníomhaireachtaí eile stáit, lena n-áirítear an Garda Síochána, Údaráis Áitiúla eile, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Comhlachtaí Tithíochta Deonacha, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chun a fháil amach an bhfuil stair iompair fhrithshóisialta ann. Tá feidhm aige maidir le hiarratasóir ar thithíocht, le Tionónta, le duine dá theaghlach nó dá teaghlach, nó le haon duine atá ag iarraidh cead a fháil chun cónaí i dteaghais de chuid na Comhairle.

### Cúram Saoránach

Is luachanna tábhachtacha pobail iad bród as ár dtithe agus as ár gcomharsanachtaí agus feidhmiú mar dhea-chomharsa, rud a chabhraíonn le sochaí chobhsaí chomhbhách a chruthú. Tá an Chomhairle tiomanta dá chinntiú go mbeidh na dálaí ann le haghaidh áitiú síochánta a réadmhaoine uile. Agus an méid sin á dhéanamh, braitheann Comhairle Contae Fhine Gall ar na comhlachtaí reachtúla éagsúla a bhfuil ról le himirt acu agus, an rud ba thábhachtaí fós, go deimhin, lorgaíonn sí comhar gníomhach agus tacaíocht ghníomhach ó ionadaithe eastáit, ó Thionóntaí agus ó úinéirí tí.

### Inniúlacht Ball Foirne a Fhorbairt

Tá beartas oiliúna agus forbartha ag an gComhairle do na baill foirne uile a bhíonn ag obair sa réimse seo chun cabhrú le cleachtas cóir muiníneach a fhorbairt i ndea-bhainistíocht eastáit agus in imscrúdú gearán. Áireofar leis an oiliúint tuiscint ar an bpróiseas dlíthiúil agus ar an dualgas earnála poiblí, chomh maith le hoiliúint chomhlántach eile de réir mar is gá.

### Oiliúint Saoránach

Soláthraíonn an Chomhairle cúrsaí ionduchtúcháin do Thionóntaí do gach Tionónta. Sna cúrsaí sin, cuirtear comhairle ar Thionóntaí maidir lena bhfreagrachtaí, lena n-áirítear conas cíos a íoc, conas iarrataí ar chothabháil a thaifeadadh, conas déileáil le hiompar frithshóisialta, agus conas a gcuid dramhaíola a bhainistiú. Tugtar lámhleabhar do Thionóntaí do gach Tionónta freisin.

Soláthróimid oiliúint agus forbairt do choistí cónaitheoirí chun scileanna a fhorbairt chun a chur ar a gcumas grúpa rathúil a reáchtáil, róil cheannaireachta a thuiscint, agus faisnéis agus eolas a fháil maidir le hoibriú na n-eagraíochtaí reachtúla.

## Uimhreacha Teagmhála Úsáideacha

| Eagraíocht | Suíomh Gréasáin | Uimhir Theileafóin |
|---|---|---|
| Seirbhísí Éigeandála | | 999/112 |
| Líne Rúnda an Gharda Síochána | | 1800 666 111 |
| Stáisiúin áitiúla an Gharda Síochána | www.garda.ie | |
| Tionscadal Drive | www.driveproject.ie | 086 1281782 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | www.fingal.ie | 01 890 5000 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) | www.hse.ie | 1800 700 700 |
| Tusla | www.tusla.ie | |
| Teach Pieta | www.pieta.ie | 1800 247 247 |
| Na Samáraigh | www.samaritans.org/samaritans-ireland/ | 116 123 |
| Aware | www.aware.ie | 1800 804 848 |
| Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath | www.drcc.ie | 1800 778 888 |
| Cúnamh do Mhná | www.womensaid.ie | 1800 341 900 |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Bhlainséir | www.blanchardstowndrugstaskforce.ie | 01 824 9590 |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Bhaile Átha Cliath Thuaidh | www.ndublinrdtf.ie | 01 223 3493 |
| Foróige | www.foroige.ie | 01 630 1560 |
| An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid | www.mabs.ie | 0818 072 000 |
| An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | www.citizensinformation.ie | |
| Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall | www.fingalppn.ie | |
| An Coimisiún um Chosaint Sonraí | www.dataprotection.ie | 1800 437 737 |

## NÓTA DEIRIDH

Ullmhaíodh an Straitéis seo maidir le hIompar Frithshóisialta de bhun alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (arna leasú), agus soláthraítear léi an bhunchloch le haghaidh cur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hiompar frithshóisialta. Chun í a chur chun feidhme, beidh tiomantas ag teastáil ó na geallsealbhóirí uile laistigh de limistéar riaracháin Fhine Gall, idir gheallsealbhóirí reachtúla agus gheallsealbhóirí neamhreachtúla.



